Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Aibreán 2024
(OR. en)**

**8957/24**

**SOC 284
GENDER 66
ECOFIN 450
JAI 637**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7623/1/24 REV 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach<br>– *Formheas* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le 'cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach'.

2. Tá na Conclúidí bunaithe ar thuarascáil a chuir an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ar fáil dar teideal *Financial independence and gender equality: joining the dots between income, wealth and power* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne: ioncam, rachmas agus cumhacht a thabhairt le chéile], agus a leagtar amach in 9019/24.

3. Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Cheisteanna Sóisialta na Conclúidí an 29 Feabhra, an 18 Márta agus an 12 Aibreán 2024.

4. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tuarascáil EIGE a thabhairt dá aire, mar a leagtar amach in 9019/24 í; agus
- na dréachtchonclúidí atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 7 Bealtaine 2024.

**Cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach - Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**[1]

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI**

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa. Is prionsabal bunúsach den Aontas Eorpach agus prionsabal a chumhdaítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh é an comhionannas idir mná agus fir.

2. Aithnítear comhionannas deiseanna agus comhionannas inscne, lena n-áirítear cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna maidir le rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, dul chun cinn gairme, cearta pinsin a fháil, chomh maith le pá comhionann a fháil as obair chomhionann agus cothromaíocht oibre is saoil, i bPrionsabail 2, 3, 9 agus 15 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún in 2017.

3. I gclár oibre gníomhaíochta Bhéising, arna ghlacadh ag na Náisiúin Aontaithe ag an gceathrú comhdháil dhomhanda ar stádas na mban in 1995, sainaithnítear 'Mná agus an Geilleagar' (réimse F), lena n-áirítear neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a chur chun cinn, mar cheann de dhá phríomhábhar imní déag. Luaitear ann gur cheart do rialtais agus do ghníomhaithe eile, agus aghaidh á tabhairt acu ar an réimse imní sin, beartas gníomhach agus infheicthe a chur chun cinn maidir le gné na hinscne a phríomhshruthú i ngach beartas agus clár.

---

[1] Conclúidí arna dtarraingt suas i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar chur chun feidhme chlár oibre gníomhaíochta Bhéising, agus tagairt ar leith á déanamh do Phríomhréimse Imní F (Mná agus an Geilleagar).

4. I gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), ar páirtithe ann iad na Ballstáit uile, iarrtar go nglacfaí bearta chun idirdhealú in aghaidh na mban i réimse an tsaoil eacnamaíoch a dhíothú, go háirithe i ndáil leis an gceart chun iasachtaí bainc, morgáistí agus cineálacha eile creidmheasa airgeadais.

**AGUS É Á MHEABHRÚ AICI**

5. In 2019, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit ' neamhspleáchas eacnamaíoch ban agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn' agus 'fócas níos láidre ar chomhionannas inscne laistigh de chéimeanna éagsúla de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh a shaothrú, lena n-áirítear trí oibriú ar tháscairí comhionannais inscne atá ann cheana agus, i gcás inarb iomchuí, cinn nua a fhorbairt, trí leanúint de mhodhanna bailithe sonraí atá imdhealaithe de réir gnéis de a fhorbairt mar aon le modhanna staitistiúla agus anailís a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le comhionannas inscne'.[2]

6. In 2023, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit obair chúraim ar íocaíocht agus gan íocaíocht a aithint agus 'slógadh agus úsáid éifeachtach acmhainní agus chistí an Aontais a spreagadh chun tacú le cur chun feidhme straitéis cúraim na hEorpa agus na Moltaí ón gComhairle maidir le cúram fadtéarmach agus oideachas agus cúram na luath-óige chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le haistriú na gcóras cúraim i dtreo samhlacha iomlánaíocha, duinelárnacha agus pobalbhunaithe chun aitheantas luach an chúraim a fheabhsú agus chun deireadh a chur leis an idirdhealú agus steiréitíopaí inscne'.[3]

[2] 14938/19.
[3] 16094/1/23 REV 1.

7. In 2023, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach freisin 'a áirithiú go ndéanfar breithnithe comhionannais inscne a chomhtháthú i gcur chun feidhme bhuiséad an Aontais, chun bearnaí inscne atá fós ann a dhúnadh, lena n-áirítear go háirithe trí bhearta maoiniúcháin chun comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun cinn agus i gcomhréir leis na cláir caiteachais faoi seach faoi chuimsiú CAI, agus trí mhodheolaíocht an Choimisiúin Eorpaigh chun caiteachas ar chomhionannas inscne a rianú i mbuiséad an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán' agus 'a áirithiú go gcuirfear staidreamh atá imdhealaithe de réir inscne i láthair gach áit sna tuarascálacha ón gCoimisiún'.[4]

8. Leagann an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta béim ar an ngá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar cúraim láidir 'chun an comhionannas inscne agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a áirithiú, chun sochaithe athléimneacha a thógáil, dul i ngleic le dálaí neamhbhuana in earnáil atá faoi cheannas na mban, borradh a chur faoi chruthú post agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chosc, agus chun go mbeadh éifeacht dhearfach ag an infheistíocht sin ar Olltáirgeacht Intíre (OTI) ós rud é gur féidir le níos mó ban a bheith rannpháirteach in obair ar íocaíocht dá barr'.[5]

9. De réir staidéar a rinne an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) maidir leis na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis an gcomhionannas inscne san Aontas Eorpach, thiocfadh méadú 9.6 % ar OTI faoi 2050 san Aontas mar thoradh ar an gcomhionannas inscne a fheabhsú – lena n-áirítear trí chumhachtú eacnamaíoch na mban.[6]

---

[4] 9684/23.

[5] IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75.

[6] *Economic benefits of gender equality in the European Union. [Tairbhí eacnamaíocha an chomhionannais inscne san Aontas Eorpach], lch. 2.*

**AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI**

10. Is tosaíocht straitéiseach den Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 de chuid an Choimisiúin é 'a bheith rathúil i ngeilleagar atá comhionann ó thaobh inscne de', tosaíocht ina gcuirtear i bhfios an méid a leanas: 'ba cheart do mhná agus fir, agus a n-éagsúlacht á cur san áireamh, na deiseanna céanna a bheith acu i dtaca le rath a bheith orthu agus neamhspleáchas eacnamaíoch a bheith acu, pá comhionann a fháil dá n-obair ar luach comhionann, rochtain chomhionann a bheith acu ar mhaoiniú agus pinsin chóra a fháil' (aistriúchán neamhoifigiúil).[7]

11. Ina thuarascáil dar teideal *Financial independence and gender equality: joining the dots between income, wealth and power* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne: ioncam, rachmas agus cumhacht a thabhairt le chéile], cuireann EIGE i láthair fianaise maidir le neamhionannais inscne i dtaca le neamhspleáchas airgeadais san Aontas, agus béim ar leith á cur ar an gcaoi a sainmhíníodh coincheap an neamhspleáchais airgeadais go dtí seo, agus déantar anailís inti ar na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le spleáchas airgeadais, lena n-áirítear foréigean eacnamaíoch.[8]

12. Tagraíonn EIGE do chumhachtú eacnamaíoch agus airgeadais na mban mar 'próiseas trína ngnóthaíonn mná cumhacht agus smacht ar a saol féin agus trína sealbhaíonn siad an cumas chun roghanna straitéiseacha a dhéanamh' (aistriúchán neamhoifigiúil). Sainmhínítear neamhspleáchas airgeadais mar choincheap iltoiseach lena gcuimsítear ioncam, rachmas agus cumhacht/smacht, chun an iliomad gnéithe den neamhionannas inscne a chuimsiú ar bhealach níos cuimsithí.

---

7 Féach 6678/20.

8 EIGE (2024), *Financial independence and gender equality* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne], (9019/24, lgh. ix-xiv agus lch. 15).

13. Tá bearnaí marthanacha idir na hinscní fós ann, bearnaí a dhéanann dochar do mhná i dtaca le fostaíocht, pá, tuilleamh, agus ioncam, lena n-áirítear pinsin, chomh maith le cúram, rachmas, agus rochtain ar chreidmheas.[9] Eascraíonn na bearnaí as leithscaradh inscne cothrománach agus ingearach agus as rannpháirtíocht níos ísle na mban i margadh an tsaothair. Déantar ró-ionadaíocht ar mhná in earnáil na hoibre páirtaimseartha agus in earnálacha ar phá íseal mar gheall ar bhacainní a bhaineann le hinscne agus steiréitíopaí inscne.

14. Cuireann dáileadh míchothrom an chúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir mná faoi mhíbhuntáiste toisc go gcuireann sé bac ar rannpháirtíocht chomhionann na mban i margadh an tsaothair agus tá tionchar diúltach aige ar a dtuilleamh agus ar a neamhspleáchas airgeadais.[10] In 2022, tá an bhearna phá idir na hinscní fós thart ar 12.7 % san Aontas. Measann EIGE gurb é 32 % an bhearna rachmais idir na hinscní i gcás daoine fásta aonair idir 18 mbliana agus 60 bliain d'aois in ocht mBallstát, agus meastacháin sna tíortha éagsúla idir 8 % agus 49 %.[11] Idir an dá linn, leis an mbearna phinsin idir na hinscní, a mheastar a bheith ag 26.1 % in 2022, méadaítear leochaileacht na mban maidir le ráta riosca na bochtaineachta.

15. De réir staidéar EIGE, tá bearnaí idir na hinscní i ndáil le fostaíocht, pá, tuilleamh, ioncam agus rachmas thar a bheith suntasach le haghaidh aoisghrúpaí áirithe ban, lena n-áirítear mná i dteaghlaigh aontuismitheora, mná scothaosta, mná de bhunadh imirceach, agus mná a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu.12 I measc na ngrúpaí leochaileacha eile ban, tá íospartaigh foréigin ar mná iad, mná Romacha, mná faoi mhíchumas, agus mná atá ag teitheadh ó chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus ó choinbhleachtaí foréigneacha in áiteanna eile ar domhan.

16. Is é tátal na tuarascála gur saincheist saolré agus fáinne fí araon é an neamhspleáchas airgeadais: 'mar gheall ar easpa neamhspleáchais airgeadais tá sé níos deacra deiseanna a shaothrú a neartódh neamhspleáchas airgeadais'.[13]

---

9 EIGE (2024), *Financial independence and gender equality* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne], (9019/24, lch. 78).
10 EIGE (2023), *A Better Work–Life Balance: Bridging the gender care gap*. [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna chúraim idir na hinscní].
11 EIGE (2024), *Financial independence and gender equality* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne], (9019/24, lch. 35).
12 EIGE (2024), *Financial independence and gender equality* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne], (9019/24, lch. 79).
13 Ibid, lgh. 63-64.

17. De réir Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, is féidir comhionannas inscne níos mó a chur chun cinn sa mhargadh saothair le dearadh an chánachais, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis an gcomhchánachas, toisc gur mná iad 78 % de na dara daoine sa teaghlach atá ag tuilleamh san Aontas. Leagtar béim sa tuarascáil gur féidir tionchar diúltach a bheith ag córais chomhchánachais fhorchéimnitheacha ar an dul isteach san fhostaíocht i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, agus ar líon na n-uaireanta a oibrítear, trí ualach ard cánach imeallaí a chruthú.14 Mar atá dearbhaithe ag EIGE, bíonn tionchar tábhachtach ag an gcánachas, dá bhrí sin, ar neamhspleáchas airgeadais na mban.[15]

18. De dheasca easpa neamhspleáchais airgeadais, méadaítear baol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta do mhná agus is féidir fíormhéid na mbearnaí inscne sa bhochtaineacht agus sa díothacht a cheilt toisc go nglactar leis go ndáilfear acmhainní go cothrom laistigh den teaghlach.

19. Ní cheadaíonn staidreamh ioncaim atá ar fáil faoi láthair anailís iomlán a dhéanamh ar chomhionannas inscne toisc nach gcuireann siad sonraí ar fáil do gach ball den teaghlach ná ní léiríonn siad na difríochtaí idir mná agus fir.[16] Tá sonraí imdhealaithe faoin rachmas agus faoi choigilteas in easnamh freisin. Mar thoradh air sin, is gnách go ndéantar rómheastachán ar sciar ioncaim na mban i dteaghlach agus déantar riosca bochtaineachta agus díth ábhartha na mban a mheas faoina luach.

---

14 Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, lch. 57.

15 EIGE (2024), *Financial independence and gender equality* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne], (9019/24, lgh. xii-xiii agus lgh. 54-56).

16 Eurostat. *EU statistics on income and living conditions (EU-SILC) methodology – monetary poverty of elderly people. [Modheolaíocht staidreamh an Aontais maidir le hioncam agus dálaí maireachtála – bochtaineacht airgeadaíochta daoine scothaosta.]*

20. Ar deireadh, de réir staidéar EIGE, baineann spleáchas airgeadais le raon torthaí diúltacha, lena n-áirítear sláinte coirp agus mheabhrach níos ísle agus níos lú deiseanna chun dul i mbun oideachais, fostaíocht íoctha agus gníomhaíochtaí fiontraíochta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh spleáchas airgeadais na mban ar a bpáirtithe cosc a chur ar mhná caidrimh fhoréigneacha a fhágáil nó deireadh a chur leo, rud a mhéadaíonn an baol go bhfulaingeoidh siad foréigean baile. Léirítear i suirbhé a rinne Eurostat san Aontas maidir le foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus cineálacha eile foréigin idirphearsanta leitheadúlacht an fhoréigin eacnamaíoch, agus tuairiscíonn 4 % go 18 % de mhná go gcuireann a bpáirtí cosc orthu obair a dhéanamh nó go rialaíonn siad airgeadas an teaghlaigh agus go rialaíonn siad a gcuid costas ar bhealach iomarcach.

21. Tógann an tacar conclúidí seo ar obair a rinneadh cheana agus ar ghealltanais pholaitiúla ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó Pharlaimint na hEorpa agus ó ghealllsealbhóirí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear sna doiciméid a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

22. Gné an chomhionannais inscne a chomhtháthú go córasach i réimse na mbeartas eacnamaíoch agus airgeadais agus na reachtaíochta, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tuilleadh feabhais a chur ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, go háirithe iad siúd ar mian leo dul isteach i margadh an tsaothair, dul isteach ann an athuair nó fanacht ann, mar shampla trí dhearadh na gcóras cánach agus sochar, go háirithe trí dhreasachtaí a thabhairt isteach agus trí dheireadh a chur le dídhreasachtaí, go háirithe i gcás an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin gníomhaíocht, *inter alia*, maidir le comhchánachas,[17] mar a luaitear i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024;

(b) tacaíocht atá íogair ó thaobh inscne de a áirithiú do mhná chun go mbeidís in ann dul isteach i margadh an tsaothair nó dul isteach ann an athuair trí, mar shampla, cláir oiliúna a thairiscint chun mná a chumhachtú agus a scileanna a fheabhsú sa mhargadh saothair;

(c) tuilleadh taighde a chur chun cinn agus feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí imdhealaithe de réir gnéis i réimse na mbeartas fioscach agus féachaint an bhféadfaí measúnú agus cuntasaíocht a dhéanamh ar neamhionannais laistigh den teaghlach. I gcás inarb indéanta agus inarb ábhartha, ba cheart sonraí a imdhealú de réir aoise, míchumais, comhdhéanamh teaghlaigh nó tionscnaimh;

(d) aghaidh a thabhairt ar an mbearna chúraim idir na hinscní trí chomhroinnt chothrom na hoibre cúraim gan íocaíocht agus na bhfreagrachtaí tí idir mná agus fir a chur chun cinn, go háirithe trí bhonneagar agus seirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige agus cúraim fhadtéarmaigh atá inrochtana, inacmhainne agus ardcháilíochta a áirithiú, i gcomhréir leis na Moltaí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige agus cúram fadtéarmach;

(e) dea-chleachtais a mhalartú i dtaca le hanailís inscne-íogair i réimse na gcreat dlíthiúil agus na socruithe réadmhaoine i ndáil le póstaí agus córais chomhchónaithe agus a scaoileadh, agus a dtionchar ar neamhspleáchas airgeadais na mban agus na bhfear agus riosca an fhoréigin eacnamaíoch á gcur san áireamh go háirithe;

---

[17] Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, lch. 12 agus lgh. 57-58.

(f) féachaint lena n-áirithiú go gcomhtháthóidh córais phinsin gné an chomhionannais inscne agus go mbeidh leibhéil leordhóthanacha cumhdaigh agus sochair acu le bheith cothrom agus chun cabhrú le bochtaineacht seanaoise agus eisiamh sóisialta a chosc, agus aird ar leith á tabhairt ar chás na ndaoine atá ar shosanna gairme le cúram a dhéanamh de chleithiúnaithe nó do dhaoine atá ar shaoire liachta. Tá sé tábhachtach go gcuirtear san áireamh sna scéimeanna sin éabhlóidí na sochaí comhaimseartha agus na hathruithe atá ag teacht ar a foirmeacha comhchónaithe, d'fhonn comhionannas inscne níos fearr a bhaint amach, agus inbhuanaitheacht na gcóras pinsin á háirithiú ag an am céanna;

(g) bailiú agus anailís sonraí atá imdhealaithe de réir gnéis maidir le hioncam aonair agus aistrithe idirtheaghlaigh agus laistigh den teaghlach a chur chun cinn agus a fhorbairt;

(h) straitéisí a spreagadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne sa chinnteoireacht i ngach earnáil, lena n-áirítear go háirithe straitéisí chun líon na mban a mhéadú i mbeartas eacnamaíoch agus airgeadais agus i bpróisis chinnteoireachta ag gach céim agus ag gach leibhéal.

23. Oideachas agus deiseanna traenála a chur ar fáil chun a chur ar chumas na gcailíní agus na mbuachaillí uile, na mban agus na bhfear uile, agus a gcásanna agus a ndálaí éagsúla faoi seach á gcur san áireamh, a gcuid oideachais agus oiliúna a bhaint amach nó a fheabhsú, lena n-áirítear trí litearthacht airgeadais, chun borradh a chur faoina n-ionchais amach anseo maidir le neamhspleáchas airgeadais a áirithiú agus a chaomhnú.

24. Deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil agus deiseanna traenála a chur chun cinn atá íogair ó thaobh inscne de agus a dheartar chun eolas airgeadais agus digiteach, agus scileanna ar nós uimhearthacht agus litearthacht, a fheabhsú do mhná ar gach aois, lena n-áirítear trí phrintíseachtaí, traenáil ar líne nó bealaí eile a chuireann na míbhuntáistí éagsúla a d'fhéadfadh a bheith rompu (e.g. eisiamh ó mhargadh an tsaothair, easpa rochtana ar sheirbhísí airgeadais nó easpa taithí leis na seirbhísí sin, easpa cumhachta agus smachta, agus an bhearna dhigiteach idir na hinscní) san áireamh, lena n-áirítear ó dhearcadh trasnach.

25. Tacú le bearta chun fiontraíocht, úinéireacht ghnó agus rochtain ar acmhainní airgeadais, lena n-áirítear trí chláir phiarfhoghlama thiomnaithe, a chur chun cinn i measc na mban.

26. Comhar comhordaithe a chur chun cinn idir institiúidí agus gníomhaithe sa mhargadh saothair agus i réimsí sóisialta, airgeadais, oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí araon, chun tuiscint níos cuimsithí a fhorbairt ó thaobh inscne de ar na tosca atá ábhartha maidir le neamhspleáchas agus iompar airgeadais (i.e. cearta pinsin a charnadh; rioscaí an fhoréigin bunaithe ar inscne, lena n-áirítear foréigean eacnamaíoch; straitéisí agus rioscaí éagsúlaithe airgeadais, etc.).

27. Rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a chur chun cinn maidir le comhdheiseanna agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a chur chun tosaigh, lena n-áirítear trí thimpeallachtaí oibre a chruthú ina dtugtar tús áite don chomhionannas inscne agus don chuimsiú inscne agus trí bhearta eile chun neamhspleáchas airgeadais na mban a chothú.

28. A áirithiú go n-áireofar sna pleananna gníomhaíochta i gcoinne an fhoréigin inscnebhunaithe dá bhforáiltear sa treoir atá ar na bacáin maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac,[18] bearta spriocdhírithe chun dul i ngleic leis an bhforéigean eacnamaíoch agus chun tacú le mná ina n-athimeascadh sóisialta agus gairmiúil.

---

[18] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, (COM(2022)105).

29. A áirithiú go ndéanfar an beartas náisiúnta a stiúradh ar bhealach comhordaithe chun foréigean eacnamaíoch agus rialú comhéigneach de gach cineál a chosc, lena n-áirítear, mar shampla, bearta chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na n-iasachtaí agus na bhfiach a thabhaíonn duine de na páirtithe thar ceann an teaghlaigh gan toiliú a fháil ón bpáirtí eile.

30. Infhaighteacht seirbhísí comhairleoireachta airgeadais agus fostaíochta atá ar ardchaighdeán agus inrochtana a chur chun cinn d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, go háirithe dóibh siúd a d'fhulaing foréigean nó drochúsáid eacnamaíoch.

31. Feasacht a mhúscailt, go háirithe i measc na n-óg, faoi chuir chuige sláintiúla, neamhfhoréigneacha agus cothroma chun cúrsaí airgeadais a láimhseáil i gcomhthéacs dlúthchaidreamh.

32. Taighde atá íogair ó thaobh inscne de a áirithiú agus oibriú chun sonraí riaracháin agus suirbhéireachta a bhailiú, a anailísiú agus a chur in iúl, ar sonraí iad atá imdhealaithe de réir gnéis maidir le foréigean eacnamaíoch agus na naisc atá aige le spleáchas agus neamhspleáchas airgeadais, agus na híoschaighdeáin maidir le bailiú sonraí i ndáil le foréigean in aghaidh na mban á gcur san áireamh mar a leagtar amach sa Treoir maidir le Foréigean in aghaidh na mBan atá ar na bacáin.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AGUS AR NA BALLSTÁIT, de réir a n-inniúlachtaí faoi seach, agus urraim á tabhairt do ról agus do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

33. Treisiú le bearta chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, chomh maith le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) féachaint leis an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh, lena n-áirítear tríd an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá a thrasuí agus a chur chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach;

(b) an cur chuige déach a chur i bhfeidhm maidir le comhionannas inscne trí thabhairt faoi bheartais agus bearta sonracha comhionannais inscne agus gné an phríomhshruthaithe inscne á comhtháthú go córasach ag an am céanna i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid, idir shóisialta, airgeadais agus eacnamaíocha, chun bearnaí inscne sna réimsí sin a bhrath agus a laghdú go héifeachtach;

(c) comhairle nó treoir a fhorbairt agus a dháileadh maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban agus feachtais ábhartha múscailte feasachta a fhorbairt, a mbeidh eintitis inniúla, mar shampla comhlachtaí comhionannais, nó saineolaithe comhionannais, páirteach ina leith sin;

(d) feabhas a chur i gcónaí ar an gcothromaíocht idir saol na hoibre, saol an teaghlaigh agus an saol príobháideach tríd an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, Straitéis Cúraim na hEorpa, agus na Moltaí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige agus cúram fadtéarmach a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach, go háirithe d’fhonn rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a éascú;

(e) breathnú ar bhearta breise le gníomhú i gcoinne an fhoréigin eacnamaíoch agus é mar aidhm, go bunúsach, deireadh a chur le gach cineál foréigin agus idirdhealaithe inscnebhunaithe, go háirithe an t-il-idirdhealú, lena n-áirítear an leithcheal trasnach.

34. Bearta a chur chun cinn chun tacú le híospartaigh foréigin teaghlaigh, lena n-áirítear bearta chun cabhrú leo neamhspleáchas airgeadais a choinneáil nó a bhaint amach, mar shampla bearta chun cabhrú leo fostaíocht a choinneáil nó bearta lena bhforáiltear do shaoire íoctha ón obair.

35. Obair a dhéanamh chun sonraí comhchuibhithe agus sonraí a bhailítear go rialta maidir le rachmas aonair, arna ndí-chomhiomlánú de réir gnéis agus saintréithe sóisialta trasnacha eile a fhorbairt, in éineacht leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus leis an gCoiste Fostaíochta, agus féachaint an bhféadfaí na sonraí sin a áireamh in EU-SILC amach anseo.

36. Ceisteanna maidir le hioncam agus caiteachas ar leibhéal an duine aonair, maidir le comhthiomsú ioncaim agus comhroinnt ioncaim, arna n-imdhealú de réir gnéis agus de réir an chineáil ioncaim, agus, más ábhartha, athróga ábhartha eile, a chomhtháthú i suirbhéanna ábhartha an Aontais.

37. Torthaí an staidéir Eorpaigh atá ar na bacáin bunaithe ar shuirbhé an Aontais maidir le foréigean inscnebhunaithe agus cineálacha eile foréigin idirphearsanta, arna chomhordú ag Eurostat agus le tacaíocht ó EIGE agus ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), a chur san áireamh agus a scaipeadh.

38. Foghlaim fhrithpháirteach a éascú agus dea-chleachtais a chur chun cinn i measc gníomhaithe atá bainteach le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar fhadhb an fhoréigin eacnamaíoch.

39. Leanúint de steiréitíopaí inscne, gnéasachas, róil inscne agus noirm inscne a chomhrac, lena n-áirítear iad siúd ar gnách leo ról ceannasach a thabhairt d'fhir i gcinnteoireacht airgeadais; agus tacú le cláir spriocdhírithe a ceapadh chun fir agus buachaillí a spreagadh chun steiréitíopaí inscne agus idirdhealú inscne a chomhrac. Dáileadh comhionann saor ó steiréitíopaí an chúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir a chur chun cinn. Cailíní, buachaillí, mná agus fir a spreagadh chun réimsí oideachais agus gairmeacha a roghnú i gcomhréir lena gcumais agus lena scileanna, nach bhfuil bunaithe ar steiréitíopaí inscne, ionas go méadófar líon na bhfear i ngairmeacha ar nós chúram agus oideachas na luath-óige, ina bhfuil mná faoi ró-ionadaíocht faoi láthair agus rannpháirtíocht na mban i réimsí ETIM[19] a mhéadú.

---

19 Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

40. Tacú le taighde ar shaincheist neamhspleáchas airgeadais na mban mar choincheap iltoiseach lena gcuimsítear ioncam, rachmas agus cumhacht/rialú, chun an iliomad gnéithe den neamhionannas inscne a chuimsiú ar bhealach níos cuimsithí.

41. Obair a dhéanamh chun táscairí caighdeánacha a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar neamhspleáchas airgeadais, i gcomhar le EIGE agus le hionchur ó Eurostat d'fhonn plé sa Choiste um Chosaint Shóisialta agus sa Choiste Fostaíochta. Táscairí ábhartha an fhoréigin eacnamaíoch a chomhtháthú i suirbhéanna uile-Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo maidir le foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh.

42. Tacú leis na Ballstáit straitéisí éifeachtacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne sa bheartas eacnamaíoch agus airgeadais agus sa chinnteoireacht, go háirithe trí fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm ceart na Treorach maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara.

43. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le bealaí inar féidir le córais náisiúnta sochair chánach gníomhú mar dhreasachtaí airgeadais nó mar dhídhreasachtaí airgeadais i leith an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh a fhostú,[20] lena n-áirítear trí thionscnaimh arb é is aidhm dóibh ualach airgeadais éagothrom an chánachais ar an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh a laghdú, mar shampla, indibhidiúlú scéimeanna cánach ioncaim a chur chun cinn.

44. Príomhshruthú inscne a fheabhsú i mbeartais eacnamaíocha an Aontais, lena n-áirítear sa Seimeastar Eorpach.

45. Tuilleadh taighde a chur chun cinn agus sonraí arna n-imdhealú de réir gnéis a thiomsú maidir leis an ngeilleagar cúraim, maidir le riachtanais chúraim agus maidir le gairmeacha cúraim, agus maidir le stádas cúramóirí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus maidir lena ndálaí oibre i gcomhréir le Straitéis Cúraim na hEorpa.

---

[20] Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024, lgh. 57-58
Féach, mar shampla:
Rastrigina, O., Verashchagina, A., *Secondary earners and fiscal policies in Europe* [Saothraithe tánaisteacha agus beartais fhioscacha san Eoraip], staidéar arna choimisiúnú ag an gCoimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí, Oifig na bhFoilseachán, 2015, URL: https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/a48ea2ce-7eef-4106-afe2-692a9de13d5e ; agus An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, *The Macro-Economic Benefits of Gender Equality* [Sochair mhacra-eacnamaíocha an chomhionannais inscne], Nóta Eacnamaíoch 071, Márta 2022, URL: https://economy-finance.ec.europa.eu/document/download/e1e9946c-6b83-4df5-ae38-8baadeb22bee_en?filename=eb071_en.pdf.

46. Leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le reachtaíocht, beartais agus bearta chun na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní a laghdú agus na próisis reatha a fhorbairt, go háirithe an Tuarascáil tríbhliantúil maidir le Leordhóthanacht Pinsean, agus leanúint de dhea-chleachtais a chomhroinnt sa réimse sin.

47. Tacú le cistiú do chláir oideachais agus oiliúna atá íogair ó thaobh inscne de chun eolas agus scileanna airgeadais a fheabhsú, lena n-áirítear uimhearthacht agus litearthacht airgeadais agus dhigiteach, agus béim á leagan ar mhná agus ar chailíní.

48. Feachtais feasachta a thabhairt isteach maidir leis na cearta nua d’oibrithe sa Treoir maidir le Trédhearcacht Pá agus sa Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil chun a áirithiú go mbeidh a gcearta ar eolas ag saoránaigh agus go mbeidh siad in ann iad a fheidhmiú.

49. Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar an bhfeasacht, agus dea-chleachtais a roinnt maidir le beartais lena dtugtar aghaidh ar bhearnaí inscne, go háirithe i ndáil leis an Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach, agus Straitéis Cúraim na hEorpa, lena n-áirítear na Moltaí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige agus cúram fadtéarmach, chomh maith leis an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, an Treoir maidir le Pá Íosta agus an Treoir maidir le Trédhearcacht Pá.

50. Leanúint leis an obair i réimsí a shainaithnítear i Straitéis Eorpach um Chomhionannas Inscne 2020-2025 agus a áirithiú go ndéanfar an gealltanas straitéiseach fadtéarmach chun an comhionannas inscne a chur chun cinn a chothú agus a threisiú a thuilleadh tar éis 2025, bunaithe ar obair leantach institiúideach láidir lena n-áirítear straitéis nua lena leagtar amach na tosaíochtaí ar leibhéal an Aontais agus a bheidh ina threoir le haghaidh gníomhaíochta ar an leibhéal náisiúnta.

## Tagairtí

### 1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais Eorpaigh

An Coimisiún Eorpach, An Ardrúnaíocht, *European pillar of social rights* [Colún Eorpach na gCeart Sóisialta], Oifig na bhFoilseachán, 2017, https://data.europa.eu/doi/10.2792/95934

Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 (6073/24)

### 2. Reachtaíocht an Aontais Eorpaigh

Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79–93)

Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lgh. 17-75)

Treoir (AE) 2022/2381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí cuideachtaí liostaithe agus bearta gaolmhara (IO L 315, 7.12.2022, lch. 44-59)

Treoir (AE) 2023/970 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (IO L 132, 17.5.2023, lgh. 21-44)

3. **An Chomhairle**

Conclúidí ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh: Príomhbheartais agus bearta (10349/19)

Conclúidí ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile (13432/19)

Conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Chun Cinn (14938/19)

Conclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2020 maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní a Ghleic: Obair Ar Íocaíocht agus Obair Chúraim Gan Íocaíocht a Luacháil agus a Dháileadh, 13584/20)

Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán (IO C 476, 15.12.2022. lch. 1)

Moladh ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige: spriocanna Barcelona do 2030 (IO C 484, 20.12.2022, lch. 1)

Conclúidí ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir le gné an chomhionannais inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i gcláir agus i mbuiséid (9684/23)

Conclúidí ón gComhairle an 29 Samhain 2023 maidir le haistriú córas cúraim ar feadh an tsaoil i dtreo samhlacha tacaíochta iomlánaíocha, duinelárnaithe agus pobalbhunaithe a bhfuil gné na hinscne ag baint leo (16094/1/23 REV 1)

4. **An Coimisiún Eorpach**

*A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025]. 6678/20. (Tagairt an Choimisiúin: COM(2020) 152 final)

*A European Care Strategy for caregivers and care receivers 2022* [Straitéis Cúraim na hEorpa le haghaidh cúramóirí agus faighteoirí cúraim 2022]. (Tagairt an Choimisiúin: COM(2022) 440 final)

*Commission Decision of 17 September 2012 on Eurostat* [Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2012 maidir le Eurostat] (2012/504/AE)

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (COM(2022) 105 final)

*EU statistics on income and living conditions (EU-SILC) methodology – monetary poverty of elderly people* [Modheolaíocht staidreamh an Aontais Eorpaigh ar ioncam agus dálaí maireachtála (EU-SILC) – bochtaineacht airgeadaíochta daoine scothaosta], Eurostat, 2022.

*Gender Pension Gap by age group* [An Bhearna Phinsin idir na hInscní de réir aoisghrúpa], Eurostat, 2022.

*Gender pay gap statistics* [Staidreamh maidir leis an mbearna phá idir na hinscní], Eurostat, 2023.

5. **An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)**

*Gender Impact Assessment: Gender Mainstreaming Toolkit* [Measúnú Tionchair Inscne: sraith straitéisí príomhshruthaithe inscne], 2016.

*Economic benefits of gender equality in the European Union*. [Tairbhí eacnamaíocha an chomhionannais inscne san Aontas Eorpach], 2023.

*A Better Work-Life Balance: Bridging the gender care gap 2023.* [Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr: dul i ngleic leis an mbearna chúraim idir na hinscní], 2023.

*Financial independence and gender equality: joining the dots between income, wealth and power* [Neamhspleáchas airgeadais agus comhionannas inscne: ioncam, rachmas agus cumhacht a thabhairt le chéile] (9019/24)

**6. Na Náisiúin Aontaithe**

*The Beijing Declaration and Platform for Action (UN agenda for gender equality and women's empowerment)* [Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (Clár Oibre na Náisiún Aontaithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban)]

*The Convention on the Elimination of All Forms of Violence Against Women* [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú] (CEDAW)